Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2019**
**(OR. en, it, de)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0105(COD)**

**9313/19**
**ADD 1 REV 2**

**CODEC 1080**
**ENFOPOL 245**
**JAI 521**
**EF 194**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>-Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**<u>Ráiteas ón Iodáil</u>**

Aontaíonn an Iodáil le cuspóir na dréacht-treorach i dtaca le húsáid faisnéise airgeadais, ní hamháin chun críche sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, ach i ndáil le coireanna tromchúiseacha eile freisin.

D'ainneoin gur glacadh le cuid dár mbarúlacha sa téacs deiridh agus go bhfuil tagairt sna haithrisí nach mór cur san áireamh cineál, cúraimí agus sainchumais a bunaíodh faoin dlí náisiúnta ag céimeanna cur chun feidhm an ghnímh, cuireann an Iodáil in iúl athuair go bhfuil imní uirthi maidir le foráil oibleagáidí sonracha do na Ballstáit.

Le linn na hidirbheartaíochta chuir an Iodáil in iúl gurbh fhearr léi solúbthacht bhreise agus forálacha na Treorach á gcur chun feidhme.

**Ráiteas ón nGearmáin**

Tacaíonn an Ghearmáin i gcoitinne le haidhm na dréacht-treorach rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú d'Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna) agus d'údaráis phoiblí atá freagrach as cionta a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, dlús a chur leis an gcomhar idir na comhlachtaí inniúla faoi seach agus, go ginearálta, imscrúdú airgeadais a neartú. Mar sin féin, tá forchoimeádais shuntasacha ag an nGearmáin faoi fhorálacha aonair sa téacs comhréitigh, go háirithe an sainmhíniú ar 'faisnéis forfheidhmithe dlí' in Airteagal 2(6) agus na forálacha in Airteagail 9 agus 10 agus aithris 22 nach raibh mar chuid de shainordú na Comhairle don chaibidlíocht ag an gcruinniú tríthaobhach, mar a comhaontaíodh ar an 21 Samhain 2018. Sa téacs comhréitigh reatha, dar linn, tugadh isteach athruithe suntasacha chun donais i gcomparáid leis an sainordú a tugadh don Chomhairle, agus i gcomparáid freisin, go páirteach, leis an togra ón gCoimisiún.

Cúis imní ar leith don Ghearmáin is ea nach gcaithfidh aon deis a bheith ann do chomhlachtaí aonair na ceanglais a sheachaint i dtaca le bailiú sonraí. Is riosca é sin anois, áfach, mar sa sainmhíniú ar 'faisnéis forfheidhmithe dlí' in Airteagal 2(6)(ii) áirítear sonraí agus faisnéis gur gá don údarás iarrtha a bhailiú ar dtús. Mar sin féin, de réir fhoclaíocht na dréacht-treorach níl aon tábhacht ag baint le cé acu an gceadófaí don údarás iarrtha é féin na sonraí sin a bhailiú go díreach.

Tá foráil ann in Airteagal 9 maidir le malartú faisnéise idir AMAnna ar fud an Aontais nach bhfuil ag teacht leis an Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid [Treoir (AE) 2015/849], go háirithe Airteagail 32 agus 53 de. Chuir Seirbhís Dlí na Comhairle imní in iúl i ndáil leis na bréagnuithe idir Airteagal 9 agus Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid i dtuairim i scríbhinn ar an togra ón gCoimisiún (tuairim dar dáta 12 Deireadh Fómhair 2018 ST 13100/18). Ní thugtar aghaidh ar na bréagnuithe sin sa riail atá ann cheana in Airteagal 9. Leagtar síos ann ceanglais shonracha le haghaidh malartú faisnéise idir AMAnna a théann thar raon feidhme a gcúraimí mar a shainítear i ndlí an Aontais é agus mar sin cuireann siad isteach ar shaoirse an Bhallstáit a AMAnna náisiúnta faoi seach a eagrú i gcomhréir lena gcóras dlíthiúil féin. Ina theannta sin, leagtar amach sa riail roinnt ceanglais shonracha maidir le malartú faisnéise a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht nó an choireacht eagraithe, in ainneoin nach bhfuil aon sainiú soiléir ar na coincheapa sin i ndlí an Aontais, bíodh sin tríd an Treoir maidir le Sciúradh Airgid nó tríd an dréacht-threoir seo, nach dtugtar aon réasúnú leis an inniúlacht a thabhairt do AMAnna coireanna den chineál sin a chomhrac, ná nach ndéantar idirdhealú idir an malartú faisnéise sin agus ionstraimí eile a bhaineann le malartú faisnéise póilíneachta agus breithiúnaí.

Déantar foráil in Airteagal 10 do mhalartú sonraí idir údaráis inniúla na mBallstát éagsúil, a dhéanann an Ballstát faoi seach a ainmniú de réir Airteagal 3(2). Agus é sin a dhéanamh aige, tabharfar discréid leathan do na Ballstáit faoi Airteagal 3(2) maidir le hainmniú na n-údarás sin, a fhéadfar a ainmniú fiú ar an leibhéal réigiúnach díláraithe agus a bhféadfar cúraimí an-éagsúil a bheith acu, agus ag an am céanna ceanglófar ar na Ballstáit fógra a thabhairt dá n-údaráis laistigh de cheithre mhí tar éis don idirthréimhse dul in éag. Os a choinne sin, faoi Airteagal 10 ceanglófar ar na Ballstáit, roimh dheireadh na hidirthréimhse cheana féin, foráil a dhéanamh do mhalartú uile-Aontais idir na húdaráis sin nár ainmníodh fós. Mar sin bheadh ar na Ballstáit, ar bhealach atá ceangailteach ó thaobh dlí, malartú faisnéise i réimse íogair faisnéise airgeadais a chur chun feidhme, ach sa phróiseas sin na cinntí is tábhachtaí a fhágáil d'fheidhmiú rogha ag na Ballstáit eile (amach anseo).

Leis an tagairt shonrach ar "AMA AE" mar eiseamláir de 'sásra comhordúcháin agus tacaíochta', imíonn aithris 22 ón gcúram measúnaithe a bhfuil tuairisc air in Airteagal 65 den Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid agus nach ndearnadh go fóill.

Ina theannta sin, níl an chuma ann go bhfuil na forálacha cosanta sonraí sa téacs comhréitigh comhleanúnach go córasach, ós rud é go mbeidh feidhm ag Treoir (AE) 2016/679 chomh maith le Treoir (AE) 2016/680.

Mar thoradh ar na heasnaimh thuasluaite sin, is mó an deacracht do na Ballstáit trasuí iomlán, ceart agus cinnte ó thaobh dlí a áirithiú i ndáil le ceanglais na Treorach. Dá bhrí sin, léiríonn an Ghearmáin go bhfuil forchoimeádas aici agus nach bhféadann sí aontú le téacs reatha comhréitigh na dréacht-treorach.